


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta & Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD / Sláinte Tréada agus Feirmeoireacht Ainmhithe |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | **Oifigeach Teicniúil** |
| **Tréimhse an Phoist:** | Clúdach le haghaidh Cuspóir Sonrach (fad measta 6 mhí) |
| **Grád:** | 95 Oifigeach Teicniúil_2013 |
| **Bainisteoir Líne** | Ceannasaí na Rannóige |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 017671 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Qiong Zhang |
| **Costais Athlonnaithe** | *níl* |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** | *níl* |

## Achoimre ar an bPost:

Is é ról an Oifigigh Theicniúil tacaíocht theicniúil, riaracháin oiliúna agus teagaisc a sholáthar don Rannóg um Shláinte Tréada, Feirmeoireacht Ainmhithe agus staidéar Cliniciúil Ainmhithe Feirme i Scoil an Leighis Tréidliachta UCD. Cuirfidh sé/sí tacaíochtaí taighde agus teagaisc ar fáil don rannóg. Beidh an tacaíocht taighde sna réimsí bitheolaíochta atáirgí lena n-áirítear anailís ar hormón / meitibilít; Cothú agus sláinte tréada lena n-áirítear anailís ar bheathú, iontráil sonraí ar shláinte tréada agus anailís. Beidh an tacaíocht teagaisc sa réimse phraiticiúil bunaithe ar shaotharlann agus ainmhithe (e.g. cothú agus atáirgeadh) agus sa réimse saineolais bunaithe ar ríomhaire (e.g. tacaíocht ríomhaire don teagasc ar líne agus don teagasc comhghnásach). Beifear ag súil go nglacfaidh an duine a cheapfar le ról tosaigh i dtacaíocht theicniúil sna gníomhaíochtaí sin. Beidh oiliúint, cáilíochtaí agus taithí ag iarrthóirí atá oiriúnach d'inchríneolaíocht (anailís ar hormón agus ar mheitibilít). Ní mór don iarrthóir tionscnamh maith, eitic oibre láidir, scileanna teicneolaíochta ar ardchaighdeán agus scileanna cumarsáide den scoth idir labhairt agus scríobh a léiriú.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

**Scileanna Teicniúla:**

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann
- Cur le cothabháil agus cúram trealaimh a bhaineann le taighde agus teagasc araon
- Coinnigh cothrom le dáta le forbairtí teicniúla agus téigh in oiriúint ar theicneolaíochtaí nua

**Sláinte agus Sábháilteacht:**

- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn
- Cinntigh go bhfuil cleachtas sábháilte agus úsáid trealaimh chosanta agus éadaí mar chuid den ghnáthamh ó lá go lá
- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú

**Bainistíocht agus Pleanáil:**

- Cuspóirí agus an chaoi a nascann siad leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil/Aonad a thuiscint
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun spriocanna na Scoile/an Aonaid a bhaint amach
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála

- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála, lena n-áirítear cothabháil trealaimh
- Tacaíocht a thabhairt do thograí taighde na n-iarchéimithe,
- Cabhrú le soláthar agus cothabháil stoc agus soláthairtí don taighde agus teagasc praiticiúil,
- A bheith réidh le dul i mbun cleachtas soláthair laistigh den Scoil chun tacú le ceannach.
- Comhlíonadh le Coistí Eitice UCD a chinntiú maidir le riachtanais i leith teagasc praiticiúil agus taighde, mar a cheanglófar.

**Scileanna Idirphearsanta:**

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe
- Éist le daoine eile agus pléigh leo go híogair agus go foighneach.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó bhaill foirne

**Riachtanais Seirbhíse**

- Ardchaighdeáin seirbhíse gairmiúla a sholáthar do gach gné den obair.

**Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht**

- Nuálaíochtaí iomchuí a shainaithint agus a chur chun feidhme go réamhghníomhach ina réimsí freagrachta féin,
- Cur le pleanáil maidir le sceidealú, leithdháileadh tascanna agus tosaíocht, de réir mar is cuí,
- Cur le hathruithe agus solúbthacht a chur i bhfeidhm trí smaointe agus trí ghníomhartha

**Sainiúil don phost seo:**

**Tuarastal: € 45,293- € 59,522**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsin le fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Tá tuilleadh eolais faoi Éagsúlacht ar fáil ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

**Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leo ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

**Éigeantach:**

- Céim Onóracha (do dhaoine aonair a thosaigh in UCD tar éis mhí na Samhna 2006); Dioplóma NCEA nó a chomhionann (do dhaoine aonair a thosaigh in UCD roimh mhí na Samhna 2006)
- Scileanna láidre eagair, cumarsáide agus idirphearsanta
- Cumas oibriú go neamhspleách agus faoi threoir chomh maith le cumas oibriú go dlúth le daoine eile mar chuid de thimpeallacht foirne
- Cumas léirithe oibriú go cruinn agus aird á thabhairt ar mhionsonraí
- Scileanna maithe idir scríobh agus labhairt a léiriú
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta toisc go mbaineann sí le hobair shaotharlainne
- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí taighde
- Scileanna idirphearsanta den scoth agus cumas idirghníomhú go héifeachtach le gach leibhéal ball foirne agus mac léinn
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas cabhrú le hathruithe a chur i bhfeidhm in eagraíocht atá ag teacht chun cinn
- Fianaise fhollasach in inniúlacht ar ríomhairí (MS Word, Excel, Powerpoint), agus bogearraí oideachasúil agus uirlisí ar líne, agus cumas a léiriú dul i dtaithí le bogearraí ag an obair más cuí
- Ní mór d'iarrthóirí eolas ar an gclár oibre um chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

Inmhianaithe:

- Taithí 3 bliana ar a laghad ag obair i dtimpeallacht saotharlainne nó ceardlainne
- Taithí ag obair i suíomh oideachais lena n-áirítear taithí ar idirghníomhú le gach leibhéal foirne agus mac léinn.
- Oiliúint Gharchabhrach agus Sábháilteachta
- Taithí ar mhodheolaíochtaí diagnóiseacha eg anailís ar bheathú, imdhíondiagnóisic agus géanómaíocht (PCR fíor am agus modheolaíochtaí domhanda géanómaíochta, etc)
- Taithí ag úsáid bogearraí i dtimpeallacht acadúil (e.g., ardán teagaisc amhail Brightspace, Moodle, Adobe Presenter agus Adobe Premiere Elements)

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/chas/ |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | www.ucd.ie/vetmed<br>http://www.ucd.ie/vthweb/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**
Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir Acmhainní Daonna sannta.

| | |
|---|---|
| Ainm: | Mark Crowe |
| Teideal: | An tOllamh & Ceann Shláinte Tréada agus Feirmeoireacht Ainmhithe |
| Seoladh ríomhphoist: | Mark.Crowe@ucd.ie |
| Fón: | |